Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Aibreán 2022**
**(OR. fr)**

**8452/22**

**ELARG 33**
**COWEB 41**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Aibreán 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 1/2022 ón gCúirt Iniúchóirí dar teideal: 'Tacaíocht AE don smacht reachta sna Balcáin Thiar: tá fadhbanna bunúsacha fós ann in ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta'<br>- conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 1/2022 ón gCúirt Iniúchóirí dar teideal: 'Tacaíocht AE don smacht reachta sna Balcáin Thiar: tá fadhbanna bunúsacha fós ann in ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta', a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 22 Márta 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 1/2022 ón gCúirt Iniúchóirí dar teideal:**

**'Tacaíocht AE don smacht reachta sna Balcáin Thiar: tá fadhbanna bunúsacha fós ann in ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta'**

1. Gabhann an Chomhairle buíochas le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as a Tuarascáil Speisialta Uimh. 1/2022 maidir le tacaíocht an Aontais don smacht reatha sna Balcáin Thiar agus tugann sí aird chuí ar na conclúidí agus na moltaí inti.

2. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach na conclúidí uaithi maidir le méadú agus an próiseas cobhsaíochta agus comhlachais, go háirithe na conclúidí a glacadh an 14 Nollaig 2021. Is luach bunúsach é an smacht reachta a bhfuil an tAontas fothaithe air, gné ríthábhachtach é den athrú daonlathach atá mar chroíchuid de Phróiseas an Mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, agus is é an príomhthagarmharc a ndéantar measúnú air maidir le dul chun cinn i dtreo ballraíocht san Aontas.

3. Tugann an Chomhairle dá haire gurbh é cuspóir na hiniúchóireachta a mheas an raibh tacaíocht an Aontais éifeachtach maidir le smacht reachta sna Balcáin Thiar, go háirithe an raibh sé dea-dheartha agus ar baineadh amach léi na torthaí a beartaíodh. Chuige sin, scrúdaigh na hiniúchóirí na gnéithe de thacaíocht an Aontais agus an dá shruth gníomhaíochta atá fite fuaite ina chéile: (i) tacaíocht airgeadais, go háirithe faoin ionstraim réamhaontachais (IPA), agus (ii) idirphlé polaitiúil agus beartais, agus béim ar leith á leagan ar thosaíochtaí an Aontais maidir leis an smacht reachta sna Balcáin Thiar.

4. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a ábhartha atá na torthaí agus na moltaí san iniúchadh seo chun athchóirithe bunúsacha ar an smacht reachta a chur chun cinn a thuilleadh sna Balcáin Thiar, agus tugann sí dá haire, áfach, go gcumhdaítear an tréimhse 2014-2020 ach go háirithe i scrúdú na n-iniúchóirí, go háirithe an tacaíocht airgeadais ón Aontas a cuireadh ar fáil faoi IPA II.

5. Tugann an Chomhairle dá haire conclúid na Cúirte, gur chuir gníomhaíocht an Aontais leis na hathchóirithe a chur ar bun, ach go raibh tionchar foriomlán teoranta aici maidir le hathchóirithe bunúsacha ar an smacht reachta a chur chun cinn sa réigiún, agus gurb í an easpa tola polaitiúla intíre chun na hathchóirithe is gá a chur chun cinn an phríomhchúis leis sin. Tugann an Chomhairle dá haire, agus is díol sásaimh di, an t-aitheantas a thug an Chúirt maidir le rannchuidiú an Aontais le hathchóirithe i réimsí ar leith amhail feabhas a chur ar éifeachtúlacht na mbreithiúna, reachtaíocht ábhartha a fhorbairt agus cur chuige réamhghníomhach a chur chun cinn sa chomhrac i gcoinne an éillithe. Tugann sí dá haire, agus is cúis imní di, áfach, conclúid na Cúirte nach ndeachaigh tacaíocht an Aontais i ngleic go leordhóthanach le fadhbanna dianseasmhacha i réimsí amhail neamhspleáchas na mbreithiúna, comhchruinniú cumhachta, cur isteach polaitiúil agus an comhrac i gcoinne an éillithe.

6. Tugann an Chomhairle dá haire freisin conclúid na Cúirte gur bacainní iad drochacmhainneacht airgeadais agus easpa úinéireachta ar athchóirithe ar tionchar agus inbhuanaitheacht tionscadal. Faigheann an Chúirt nár leor an ghníomhaíocht mhaolaithe sa tréimhse a chumhdaítear sa tuarascáil, cé gur aithin an Coimisiún agus a chomhpháirtithe chun feidhme na rioscaí sin. Thairis sin, tugann an Chúirt dá haire nach ndearnadh na réamhchoinníollacha maidir le cistiú agus cur chun feidhme tionscadal a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach, gur annamh a baineadh leas as an bhféidearthacht cúnamh a chur ar fionraí faoi choinníollacha áirithe, agus nach raibh na rialacha maidir le cur i bhfeidhm na coinníollachta polaitiúla soiléir. Dar leis an gCúirt, níor leor na torthaí a bhain tacaíocht an Aontais amach do ghníomhaíocht na sochaí sibhialta maidir leis an smacht reachta chun riachtanais na hearnála a chomhlíonadh agus ní dhearnadh faireachán críochnúil orthu.

7. Tugann an Chomhairle dá haire na freagraí ón gCoimisiún atá i gceangal le Tuarascáil Speisialta Uimh. 1/2022 agus tugann sí dá haire gur ghlac an Coimisiún leis an gcuid is mó de mholtaí na Cúirte, agus gur thug sé aghaidh cheana féin ar chuid dóibh, tríd an tacaíocht do shaoirse agus iolrachas na meán a mhéadú, agus trí mhéadú a chur ar na hiarrachtaí feabhas a chur ar dhearadh na dtionscadal agus ar thuairisciú na dtorthaí, i measc nithe eile.

8. Tugann an Chomhairle dá haire nach ndearnadh an iniúchadh measúnú ar na forbairtí tábhachtacha a tháinig as cur i bhfeidhm mhodheolaíocht athbhreithnithe an mhéadaithe, ná ar chur chun feidhme na bhféidearthachtaí nua dá bhforáiltear faoi IPA III Tugann an Chomhairle dá haire moltaí na Cúirte maidir le cur chun feidhme IPA III, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí aon torthaí agus moltaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a chur i láthair tráth a d'fhéadfaí iad a chur san áireamh san idirbheartaíocht a dhéanfar ar rialachán tar éis IPA III.

Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil sé d'aidhm ag an modheolaíocht athbhreithnithe um méadú, agus béim níos láidre fós á leagan aici ar athchóirithe bunúsacha, an próiseas aontachais a athbheochan tríd an bpróiseas a dhéanamh níos intuartha, níos inchreidte, agus níos dinimiciúla agus faoi réir stiúradh polaitiúil níos láidre, agus sin bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ar choinníollacht dhian, idir dhearfach agus diúltach, agus ar inaisathraitheacht. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta an stiúradh polaitiúil seo ó na Ballstáit a neartú le linn phróiseas aontachais an Aontais, go háirithe trí idirphlé rialta polaitiúil a choinneáil leis na comhpháirtithe.

Meabhraítear don Chomhairle freisin go mbeidh cúnamh faoi Rialachán IPA III bunaithe ar chur chuige feidhmíochtbhunaithe agus ar phrionsabal na comhroinnte córa araon, agus go ndéanfar é a idirdhealú ó thaobh raon feidhme agus déine de de réir fheidhmíocht na dtairbhithe agus de réir a riachtanas, agus aird ar leith á tabhairt ar na bunphrionsabail. I gcás cúlchéimniú suntasach nó easpa leanúnach cur chun cinn, déanfar an cúnamh a mhodhnú dá réir sin, lena n-áirítear trí na cistí a laghdú go comhréireach agus iad a atreorú ar bhealaí nach gcuirfí as don tacaíocht do chearta bunúsacha, don daonlathas agus don smacht reachta, lena n-áirítear tacaíocht don tsochaí shibhialta agus, i gcás inarb iomchuí, do chomhar le húdaráis áitiúla a fheabhsú. I gcás ina bhfuil dul chun cinn ann an athuair, déanfar an cúnamh a mhodhnú dá réir freisin le tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na hiarrachtaí sin Neartófar acmhainní eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, mar thairbhithe díreacha cúnaimh.

9. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, agus, i gcás inarb iomchuí, ar SEGS, na moltaí seo a leanas ón gCúirt a chur chun feidhme: (1) cur chun cinn athchóirithe ar an smacht reachta i bpróiseas an mhéadaithe a neartú, lena n-áirítear trí chuspóirí straitéiseacha a bhunú in aghaidh an tairbhí; (2) acmhainneacht na sochaí sibhialta atá i mbun athchóirithe ar an smacht reachta agus neamhspleáchas na meán a thacú agus a neartú a thuilleadh; (3) leas iomlán a bhaint as an bhféidearthacht cúnamh airgeadais a mhodhnú mar a fhoráiltear le Rialachán IPA III; agus (4) tuairisciú ar thorthaí na dtionscadal agus faireachán orthu a neartú.

10. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas roimh dheireadh na bliana i ndáil le dul chun cinn a dhéantar maidir leis an saincheisteanna a ardaíodh sa Tuarascáil Speisialta ón gCúirt Iniúchóirí agus a áirithiú go dtabharfar aghaidh orthu ar bhealach córasach.

11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas maidir le méadú, ar beartas lárnach de chuid an Aontais Eorpaigh i gcónaí é, i gcomhréir leis an gcomhthoil athnuaite i ndáil leis an méadú a d'fhormheas an Chomhairle Eorpach an 14 agus 15 Nollaig 2006 agus leis na conclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil an tAontas fós réidh le cúnamh a thabhairt agus spreagann sí comhpháirtithe na mBalcán Thiar chun dlús a chur leis na hiarrachtaí agus chun a dtiomantais a léiriú go soiléir maidir leis na hathchóirithe ar an smacht reachta a chur chun feidhme, ar mhaithe le leas na muintire.